

## An Bricfeasta



Shuigh Íde agus Tomás chun boird. D'ith Íde leite agus d'ith Tomás **calóga arbhair**. Thug Mamaí cupán tae dóibh. Chuir Íde bainne agus siúcra isteach ann. **Chorraigh sí** an tae le spúnóg. Níor chuir Tomás siúcra sa tae. Fuair Íde **ubh bhruite**. D'ith Tomás arán agus im. D'ól siad an tae. Chuaigh siad ar scoil.

### Foclóir:

leite, porridge

calóga arbhair, corn flakes

chorraigh sí, she stirred

ubh bhruite, boiled egg

### A. Líon isteach na bearnaí:

shui—h, lei—e, ca—óga, siúc—a, spún—g, ubh bh—uite, ar sc—il.

### B. Líon isteach na bearnaí:

1. D'ith Íde l— agus d'ith Tomás calóga a—.
2. Thug Mamaí c— tae dóibh.
3. Chorraigh sí an tae le s—.
4. D'ith Tomás a — agus i—.
5. D'— siad an tae.
6. Chuaigh siad — —.

### C. Déan abairtí díobh seo:

1. chun boird, Íde agus Tomás, shuigh.
2. an tae, siad, d'ól.
3. ubh bhruite, Íde, fuair.
4. siad, ar scoil, chuaigh.
5. an tae, le spúnóg, chorraigh sí.

### D. Scríobh amach an freagra ceart:

1. Cé a shuigh chun boird?  
—Nuala agus Seán.  
—Íde agus Tomás.  
—Pól agus Páid.
2. Cad a d'ith Íde?  
—cabáiste.  
—prátaí.  
—leite.
3. Céard a chuir Íde isteach sa tae?  
—salann.  
—bainne agus siúcra.  
—arán agus subh.
4. Cé a d'ith calóga arbhair?  
—Liam.  
—Íde.  
—Tomás.

### Gramadach 2

- (i) Foghlaim: dom  
duit  
dó  
dí

### Líon isteach na bearnaí:

**Sampla:** Nuair a tháinig sé isteach thug Mamaí cupán tae dó.

1. Nuair a tháinig Seán isteach thug Mamaí cupán tae —.
2. Nuair a tháinig mé isteach thug Mamaí cupán tae —.
3. Nuair a tháinig sí isteach thug Mamaí cupán tae —.
4. Nuair a tháinig tú isteach thug Mamaí cupán tae —.

- (ii) Foghlaim: D'ith mé  
D'ith tú  
D'ith sé  
D'ith sí

### Líon isteach na bearnaí:

**Sampla:** Shuigh sé chun boird agus d'ith sé an leite.

1. Shuigh Íde chun boird agus — an leite.
2. Shuigh mé chun boird agus — an leite.
3. Shuigh tusa chun boird agus — an leite.